C/2026/4931

23.9.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12596 — PLATINUM EQUITY GROUP / NESTLÉ / NESTLÉ WATERS JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4931)

1. An 7 Meán Fómhair 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle [1].

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Platinum Equity, LLC (in éineacht lena chleamhnaithe 'Platinum Equity Group', na Stáit Aontaithe),

— Nestlé S.A. ('Nestlé', an Eilvéis).

Gheobhaidh Platinum Equity Group agus Nestlé rialú comhpháirteach ar Nestlé Waters de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc. Tá Nestlé Waters faoi lánúinéireacht agus faoi rialú aonair Nestlé faoi láthair.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Déanann Platinum Equity Group sainchúram de chumasc, éadáil agus oibriú cuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí agus réitigh do chustaiméirí i raon leathan gnólachtaí, lena n-áirítear an teicneolaíocht faisnéise, an teileachumarsáid, an lóistíocht, seirbhísí miotail, monarú agus dáileadh,

— Tá baint ag Nestlé go príomha le réimse mór táirgí bia agus dí a tháirgeadh, a mhargú agus a dhíol ar fud an domhain, lena n-áirítear táirgí déiríochta, deochanna caife, uisce pacáistithe, gránaigh, táirgí cócaireachta lena n-áirítear bia ullmhaithe, tarsainn, anlainn, agus pasta tirim, uachtar oighir, seacláid agus deochanna tae, táirgí milseogra, sneaiceanna, bia peataí agus táirgí cothaithe cúraim sláinte.

Is iad gníomhaíochtaí gnó Nestlé Waters táirgeadh agus soláthar domhanda uisce agus deochanna buidéalaithe/pacáistithe, ina bhfuil ciúinuisce, uisce súilíneach agus uisce blaistithe, chomh maith le deochanna neamhalcólacha, lena n-áirítear deochanna súilíneacha blaistithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais [2] ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12596 — PLATINUM EQUITY GROUP / NESTLÉ / NESTLÉ WATERS JV

[1] IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
[2] IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË